Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Deireadh Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**13497/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0055(NLE)**

**ACP 90**
**WTO 86**
**RELEX 1240**
**COASI 110**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le haontachas Vanuatú leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus na Stáit san Aigéan Ciúin, den pháirt eile<br>– Glacadh |

1. An 14 Márta 2025, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le haontachas Vanuatú leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus na Stáit san Aigéan Ciúin, den pháirt eile agus, mar iarscríbhinn, an tairiscint ar rochtain ar an margadh a thíolaic Vanuatú (7143/25 + ADD 1).

2. An 3 Aibreán 2025, scrúdaigh an Mheitheal um ACC an togra thuasluaite agus tháinig sí ar chomhaontú maidir le téacs an dréachtchinnidh ón gComhairle.

3. An 12 Bealtaine 2025, chinn an Chomhairle toiliú Pharlaimint na hEorpa a iarraidh maidir le haontachas Vanuatú leis an gComhaontú.

4. Thug Parlaimint na hEorpa a toiliú ina leith an 10 Meán Fómhair 2025.

5. Dhearbhaigh an Mheitheal um ACC go n-aontaíonn sí le téacs an dréachtchinnidh ón gComhairle ag an gcruinniú a bhí aici an 30 Meán Fómhair 2025.

6. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá réir sin, a mholadh go ndéanfaidh an Chomhairle an méid seo a leanas, ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo:

– an Cinneadh ón gComhairle maidir le haontachas Vanuatú leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus na Stáit san Aigéan Ciúin, den pháirt eile, a ghlacadh mar mhír ‘A’ mar a leagtar amach tar éis do na dlítheangeolaithe bailchríoch a chur air in 7847/25 + ADD 1 é;

– Parlaimint na hEorpa a chur ar an eolas faoi ghlacadh an Chinnidh ón gComhairle;

– a iarraidh go bhfoilseofar an Cinneadh san Iris Oifigiúil.